Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ní Neart go Cur le Chéile

Do Ról mar MNC i gCaidrimh Ghairmiúla le Comhghleacaithe agus Tuismitheoirí a Chothú





Loga Foghlama Machnamhach

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022

Diminsean: Foghlaim agus teagasc
Réimse: Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí



Oibríonn múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de	Déantar athbhreithniú agus gníomhú ar mhachnamh agus aiseolas na ndaltaí ar a gcuid foghlama le linn gníomhaíochtaí ullmhúcháin aonair agus comhoibríocha na múinteoirí.	Déantar athbhreithniú agus gníomhú **córasach** ar mhachnamh agus aiseolas na ndaltaí ar a gcuid foghlama le linn gníomhaíochtaí ullmhúcháin aonair agus comhoibríocha na múinteoirí.
	Déanann múinteoirí pleanáil go comoibríoch le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na ndaltaí naisc bhríocha a dhéanamh idir an fhoghlaim i réimsí curaclaim agus ábhair éagsúla.	Déanann múinteoirí pleanáil go comhoibríoch le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na ndaltaí naisc atá bríoch **agus níos dúshlánaí de réir a chéile** a dhéanamh idir an fhoghlaim i réimsí curaclaim agus ábhair éagsúla.
	Comhphleanann múinteoirí eispéiris foghlama a chuidíonn le daltaí féachaint ar an bhfoghlaim mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil.	Comhphleanann múinteoirí eispéiris foghlama **a chumasaíonn agus a chumhachtaíonn** daltaí féachaint ar an bhfoghlaim mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil.
	Oibríonn múinteoirí go héifeachtach lena chéile agus le tuismitheoirí chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais aitheanta foghlama acu. Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí.	Oibríonn múinteoirí **go han-éifeachtach** lena chéile agus le tuismitheoirí chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais aitheanta foghlama acu. Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí **go han-chuiditheach** chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí **agus a bhforbairt mar fhoghlaimeoirí.**
	Comhoibríonn múinteoirí le pearsanra seachtracha ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama lánbhríocha a sholáthar do dhaltaí.	Comhoibríonn múinteoirí le pearsanra seachtracha ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama lánbhríocha a sholáthar do dhaltaí, **agus oibríonn siad le chéile lena chinntiú go ndéantar an fhoghlaim a chomhthéamh.**

Ráitis ar chleachtas éifeachtach/chleachtas fíor-éifeachtach:

Aon bheart amháin a thógfaidh mé nuair a fhillfidh mé ar scoil:

Cad ina thaobh ar tosaíocht dom é?

Príomhdhoiciméid













Cad é an chéad phríomhdhoiciméad eile a rachaidh tú i dtaithí air?

Cad ina thaobh ar tosaíocht dom é?

Creatlaí a Thacaíonn le Caidrimh Ghairmiúla Dhearfacha

- Bí ann
- Rogha do dhearcadh
- Tabhair ardú croí do dhuine
- Spraoi

An Chreatlach STORM



Cé acu gné de cheachtar den dá chreatlach a bhfuil dúil agam inti?

Cad ina thaobh ar tosaíocht dom é?

Líonra Sóisialta

Sainaithin suas le triúr a rachfá i dteagmháil leo chun cabhair, comhairle, eolas, tacaíocht, nó acmhainní a fháil.

Sainaithinaon duine amháin nach dtéann tú i gcomhairle leo, faoi láthair, ach a d'fhéadfá dul i gcomhairle leo chun cabhair, comhairle, eolas, tacaíocht nó acmhainní a fháil.



Caidrimh Ghairmiúla Dhearfacha le Comhghleacaithe

An Fhealsúnacht ‘FISH!’

Cé na bearta a d’fhéadfainn a ghlacadh i leith comhghleacaí/comhghleacaithe sna leathanta/seachtainí romham a ailíneoidh leis an bhFealsúnacht ‘FISH!’?

An Fhealsúnacht ‘FISH!’	Bí ann	Roghnaigh do dhearcadh	Tabhair ardú croí do dhuine	Spraoi
Mo Bhearta				

An Chreatlach STORM

Is Múinteoir Nuacháilithe í Nora atá ag obair i Rang a Dó. Freastalaíonn roinnt leanaí ina rang ar thacaíocht matamaitice le Matt, an Múinteoir Oideachais Speisialta. Tugtar an thacaíocht sin trí leanaí a thógáil as an rang roinnt de na laethanta agus trí chómhmhúineadh ar laethanta eile.

Le himeacht na míosa seo caite, thug Nóra patrún faoi deara: Is minic a thagann Matt go déanach chun na leanaí le haghaidh na seisiún lasmuigh den seomra ranga a thógáil agus is minic a thagann sé roinnt nóiméad tar éis thús aontaithe na gceacht cómhmhúinte.

Tá sé ag tosú a chur isteach ar shruth cheacht Nóra. Éiríonn na leanaí corraithe agus iad ag fanacht, agus bíonn ar Nora a cuid múinteoireachta a athrú gan choinne. Is mór aici caidrimh ghairmiúla dhearfacha agus is mian léi dul i ngleic leis an bhfadhb ar bhealach measúil.

Bheartaigh Nóra ar an gCreatlach STORM a úsáid chun an comhrá gairmiúil le Matt a stiúradh.



Gníomhaíocht sna Seomraí ar Leithligh: An Chreatlach STORM

- Ullmhaigh an méid a d’fhéadfadh Nóra a rá ag gach céim.
- Cuimhnigh ar fhreagraí féideartha Matt agus ar an tslí ar féidir le Nóra soiléireacht, meas, agus caidreamh gairmiúil dearfach a choimeád.

Caidrimh Ghairmiúla Dhearfacha le Tuismitheorí

An Fhealsúnacht ‘FISH!’

Cé na bearta a d’fhéadfainn a ghlacadh i leith tuismitheoir/tuismitheoirí sna laethanta/seachtainí romham a ailíneoidh leis an bhFealsúnacht ‘FISH!’?

An Fhealsúnacht ‘FISH!’	Bí ann	Roghnaigh do dhearcadh	Tabhair ardú croí do dhuine	Spraoi
Mo Bhearta				

An Chreatlach STORM

Is Múinteoir Nuacháilithe é Isaac atá ag obair i Rang Naíonáin Bheaga. Gach maidin, seasann a dhaltaí ina líne sa chlós scoile nó go mbuaileann an clog scoile chun tús an lae a fhógairt. San am sin, téann Isaac faoi dhéin a ranga ón gclós agus tionlacann iad go dtí a seomra ranga.

Ó thús na bliana acadúla, tagann tuismitheoir de chuid dalta ina rang, Uas. Kavanagh, a fhad le Isaac sa chlós gach maidin tar éis bhualadh an chloig scoile. Cuireann Uas. Kavanagh eolas i dtaobh lóin nó obair bhaile a hiníne de ghnáth. Déanann sí tráchtanna ar iompraíocht daltaí eile sa líne chomh maith. Cuireann an comhrá sin moill ar ghluaiseacht daltaí i dtreoi an tseomra ranga agus cuireann isteach ar shruth an lae.

Socraíonn Isaac cruinniú d’fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb go luath agus caidreamh dearfach a choimeád le hUas. Kavanagh.

Bheartaigh Isaac ar an gCreatlach STORM a úsáid chun an comhrá gairmiúil le hUas. Kavanagh a stiúradh.



Gníomhaíocht sna Seomraí ar Leithligh: An Chreatlach STORM

- Ullmhaigh an méid a d’fhéadfadh Isaac a rá ag gach céim.
- Cuimhnigh ar fhreagraí féideartha Uas. Kavanagh agus ar an tslí ar féidir le Isaac soiléireacht, meas, agus caidreamh gairmiúil dearfach a choimeád.

Príomhdhoiciméid



Is é **Droichead: an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil Athbhreithnithe** ina leagtar síos cuspóir Droichead agus an t-eolas is tábhachtaí maidir leis an bpróiseas neamh-mheastóireachta sin.



Ceapadh **Relate an CNOS** ar mhaithe le foireann scoile chun tuiscint níos fearr a bheith ar iompraíocht scoláirí agus chun an iompraíocht sin a chur in iúl ar bhealach eile. Tá réimse acmhainní breise ann a bhfuil hipearnasc le gach ceann acu.



I **gCreatchuraclam na Bunscoile,** tá na nithe seo a leanas ar na nithe atá leagtha amach sa doiciméad: fís; prionsabail; príomhinniúlachtaí; structúr, cuir chuige maidir le foghlaim, teagasc, agus measúnú; agus leithdháiltí ama Chreatchuraclam na Bunscoile. .



I **Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais**, tá struchtúr uileghabhálach ann sa doiciméad, rud a chuimsíonn0 obair reatha, obair leanúnach, agus obair atá i mbéal forbartha i réimse na folláine.



Is é **An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí** ina bhfuil na caighdeáin maidir le heolas, scil, inniúlacht, agus iompraíocht ghairmiúil atáthar a iarraidh ar mhúinteoirí cláraithe.



In **Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022**: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta, tá sraith caighdeán ar fáil chun gur féidir le bunscoileanna agus scoileanna speisialta cuimhneamh ar a mhaithe is atá a bhfeidhmíocht maidir le teagasc, foghlaim, ceannaireacht, agus bainistíocht.

Mo Chéad Chéimeanna Eile

Cad é aon ghníomh amháin is féidir liom a thógáil sa chéad seachtain eile chun cur le mo chaidrimh le comhghleacaithe?

Cad é aon ghníomh amháin is féidir liom a thógáil sa chéad seachtain eile chun cur le mo chaidrimh le tuismitheoirí?